



# HFA

An Gníomhaireacht  
Airgeadais Tithíochta  
Housing Finance Agency

## Leabhrán Eolais an Iarrthóra

<b>Teideal an Róil</b>	<b>Ceann Iasachta</b>
<b>Tionacht</b>	<b>Post buan</b>
<b>Suíomh</b>	46 Faiche Stiabhana D02 WK60
<b>Cineál comórtais</b>	<b>Oscailte</b>
<b>Dáta deiridh</b>	21 Lúnasa 2024 3pm



**OSBORNE™**  
RECRUITMENT EXCELLENCE

**Contact:**

**Email:** HFAHOL@osborne.ie

**Telephone:** +353 41 986 5058

## Réamhrá

Is comhlacht poiblí í an Ghníomhaireacht Airgeadais Tithíochta cpt (GAT) atá faoi choimirce an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Is é an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a cheapann bord an GAT, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá dáréag comhaltaí boird ann. Tá comhlánú foirne ag an GAT atá coibhéiseach le 25 ball foirne lánaimseartha (FTEnna).

Is é príomhchúram an GAT iasachtaí a thabhairt d'údaráis áitiúla, do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta agus d'Institiúidí Ardoideachais chun críocha tithíochta agus gaolmhara, agus cistí a fháil ar iasacht nó a thiomsú chun iasachtú den sórt sin a chumasú. Tá leabhar iasachta €7.5 billiún gan íoc ag an GAT faoi láthair.

Tá ceithre fhoireann ag an GAT - Seirbhísí Corparáideacha GAT, Airgeadas GAT, Iasachtú GAT agus Riosca agus Comhlíonadh GAT. Tuairiscíonn an Ceann Iasachta don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin.

## An Ról

Ag tuairisciú don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin oibreoidh an t-iarrthóir rathúil i gcomhar le Foireann Bainistíochta Sinsearaí GAT, agus ag an am céanna cuirfidh sé/sí tacaíocht agus treoir ar fáil don Fhoireann Iasachta.

Beidh an Ceann Iasachta freagrach as gach gné d'iasachtú GAT, ó thionscnamh go forghníomhú lena n-áirítear an próiseas ceadaithe creidmheasa agus monatóireacht agus tuairisciú leanúnach. Beidh an Ceann Iasachta i gceannas ar an roinn agus ar a foireann maidir le barr feabhais a sheachadadh i seirbhís do chustaiméirí agus rannpháirtíocht éifeachtach le príomhpháirtithe leasmhara an GAT, lena n-áirítear ranna rialtais.

Oibreoidh an Ceann Iasachta leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus leis an bhFoireann Ardbhainistíochta chun an leabhar iasachta a leathnú, lena n-áirítear chun táirgí iasachta nua a fhorbairt a fhreastalóidh ar riachtanais éagsúla tithíochta sóisialta agus inacmhainne in Éirinn.

## Príomhfhreagrachtaí

- Maoirseacht agus stiúradh a dhéanamh ar an bhfeidhm iasachtaithe lena n-áirítear bainistíocht na foirne iasachta.
- Gach gné den iasachtú a bhainistiú, lena n-áirítear an próiseas athbhreithnithe creidmheasa do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta agus d'Institiúidí Ardoideachais.

- Ag obair go dlúth le Bainistíocht Riosca GAT ar gach gné de bhainistíocht chreidmheasa.
- A chinntiú go bhfuil na beartais, na córais, na nósanna imeachta agus na cleachtais chreidmheasa chuí ag feidhmiú go héifeachtúil agus go héifeachtach.
- Freastal ar chruinnithe Bhord Stiúrthóirí agus Choiste Creidmheasa an GAT.
- Freagrach as cothabháil sonraí agus ceanglais tuairiscithe maidir le gníomhaíocht GAT le údaráis áitiúla, comhlachtaí ceadaithe tithíochta agus Institiúidí Ardoideachais.
- Caidrimh sheachtracha a bhainistiú le príomhsholáthróirí seirbhíse, lena n-áirítear comhairleoirí dlí maidir le doiciméid iasachta agus íostarraingtí iasachta.
- Ionadaíocht a dhéanamh thar ceann an GAT ag cruinnithe agus coistí Rialtais agus tionscail.
- Tacú le forbairt agus cur i bhfeidhm straitéisí iasachtaithe atá ailínithe le spriocanna agus cuspóirí na gníomhaireachta.
- Treochtaí, deiseanna agus rioscaí margaidh a aithint chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht straitéiseach agus cleachtais iasachtaithe a fheabhsú.
- An fhoireann a threorú chun bainistíocht láidir caidrimh a chinntiú le údaráis áitiúla, comhlachtaí ceadaithe tithíochta agus Institiúidí Ardoideachais agus go gcoinnítear ardchaighdeán seirbhíse.
- Monatóireacht agus bainistíocht feidhmíochta na foirne iasachta chun a chinntiú go gcuirtear dualgais i gcrích ar an gcaighdeán is airde.
- Oiliúint, cóitseáil agus forbairt leanúnach na foirne iasachta a chinntiú chun barr feabhais a bhaint amach ina gcuid oibre.

Tabhair faoi deara le do thoil nach liosta uileghabhálach dualgas é an méid thuas agus beifear ag súil go ndéanfaidh tú tascanna éagsúla de réir mar is gá de réir do róil athraitheacha laistigh den eagraíocht agus cuspóirí gnó foriomlána an GAT.

## Oideachas agus Taithí ag Teastáil

### Cáilíocht agus Taithí Ghairmiúil:

- Leibhéal maith gnóthachtála oideachais ábhartha.
- Taithí iasachtaithe 5 bliana ar a laghad a bheith acu, ag feidhmiú ar leibhéal bainistíochta sinsearaí, in eagraíochtaí baincéireachta nó in eagraíochtaí seirbhísí airgeadais eile más féidir.
- Taithí ar bheith ag obair i dtimpeallacht seirbhísí airgeadais
- Anailís chreidmheasa láidir agus taithí frithgheallta creidmheasa
- Rannpháirtíocht i bhforbairt straitéise agus taithí ar chur i bhfeidhm rathúil
- Taithí ar bheith ag obair leis an mbainistíocht shinsearach agus le gach leibhéal d'eagraíocht ghairmiúil

## Inniúlachtaí

### *Léireoidh an t-iarrthóir idéalach an cumas na hinniúlachtaí seo a leanas a bhaint amach:*

- Léiríonn sé/sí **scileanna ceannaireachta** láidre agus bainistíonn sé/sí foirne go rathúil chun spriocanna a sheachadadh go héifeachtach.
- **Sárscileanna cumarsáide** - ó bhéal agus i scríbhinn - le cumas feidhmiú ag leibhéal choiste an Bhoird.
- Cur chuige dírithe ar dhaoine a ghlacadh chun foireann a threorú.
- **Scileanna láidre eagrúcháin agus anailíseacha** agus an cumas breithiúnas agus oibiachtúlacht fhóna a léiriú agus iad ag druidim le réiteach fadhbanna.
- Glacann úinéireacht ar **torthaí a sheachadadh**.
- Cumas creat soiléir **cinnteoireachta** a léiriú agus tionchar na gcinntí a mheas sula ngníomhaíonn siad.
- An cumas chun **meastóireacht a dhéanamh ar fhaisnéis chasta** ó fhoinsí éagsúla, chomh maith le cásanna dúshlánacha, agus cinntí éifeachtacha a dhéanamh.

## Príomhchoinníollacha Seirbhíse

### Tionacht

Tá an ceapachán ar chonradh buan faoi réir tréimhse phromhaidh a bheith curtha i gcrích go sásúil.

### Scála Tuarastail

Seo a leanas scála tuarastail an Phríomhoifigigh (Caighdeánach) don phost (rátaí i bhfeidhm ón 1 Meitheamh 2024):

## **PRÍOMHAÍ SINSEARACH (PPC)**

**€109,662 - €114,177 - €118,714 - €123,241 - €127,101 - €131,169 (LSI 1) - €135,236 (LSI 2)**

Baineann an ráta seo le hiontrálaithe nua agus beidh feidhm aige freisin sa chás gur ceapachán státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí reatha é an té a cheapfar ar nó tar éis an 6 d'Aibreán 1995 agus go gceanglaítear air ranníocaíocht phearsanta pinsin a dhéanamh.

## **Príomhaí Sinsearach Scála Tuarastail Ranníocaíochta Pinsin Neamhphearsanta**

**€104,173 €108,469 €112,780 €117,076 €120,749 €124,615<sup>1</sup> €128,478<sup>2</sup>**

Beidh ráta éagsúil i bhfeidhm nuair is stáitseirbhíseach nó fostaí sa tseirbhís phoiblí an ceapaí a earcaíodh roimh an 6 Aibreán 1995 agus nach bhfuil air/uirthi ranníocaíocht phearsanta pinsin a dhéanamh.

D'fhéadfadh incrimintí fadseirbhíse a bheith iníoctha tar éis 3 (LSI 1) agus 6 (LSI 2) bliain seirbhíse sásúla ag uasmhéid an scála.

### **Nóta Tábhachtach**

***N.B. Beidh iontráil ag íosmhéid an scála agus ní bheidh an ráta luach saothair faoi réir idirbheartaíochta agus féadfar é a choigeartú ó am go ham de réir bheartas pá an Rialtais.*** Má táthar sásta le feidhmíocht an fhostaí, féadfaidh sé go mbeidh incrimintí iníoctha de réir an Bheartais Rialtais reatha. D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith i bhfeidhm má tá tú ag fónamh faoi láthair mar stáitseirbhíseach/fhostaí sa tseirbhís phoiblí díreach roimh an gceapachán.

### **Saoire Bhliantúil**

Chomh maith leis na gnáthlaethanta saoire poiblí in Éirinn, is ionann saoire bhliantúil don phost seo agus 30 lá oibre, bunaithe ar sheachtain cúig lá.

Is ionann an méid sin roimhe seo agus na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé beartaithe gurb é an liosta cuimsitheach é de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta go léir a leagfar amach sa chonradh fostaíochta a chomhaontófar leis an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi.

### **Coinníollacha Fostaíochta Eile:**

Déanfar tuilleadh eolais ar na coinníollacha fostaíochta a leagan amach sa chonradh fostaíochta don iarrthóir rathúil.

### **Cosaint Sonraí:**

I gcomhréir leis na Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (RGCS) 2018, déanfaidh an Roinn Acmhainní Daonna agus Rialachais ag GAT an fhaisnéis phearsanta go léir a sholáthraítear mar chuid de d'iarratas a stóráil go slán agus úsáidfeair í chun críocha an phróisis earcaíochta.

Coinneofar doiciméid iarratais ar feadh tréimhse bliana ó dháta an agallaimh sceidealta, agus i gcás iarrthóra rathúil, ar feadh tréimhse fostaíochta agus bliain amháin ar a laghad ina dhiaidh sin. Trí do CV agus litir chumhdaigh a chur isteach, toilíonn tú do chuid faisnéise a chur isteach agus a phróiseáil ag tríú páirtí seachtrach réamhcheadaithe (Osborne Recruitment), le haghaidh gearrliostú. Cuirfeair an t-eolas ar fáil don phainéal agallaimh freisin.

Tar éis an próiseas roghnúcháin a chur i gcrích, is é an Rialálaí Carthanas amháin a choinneoidh an fhaisnéis phearsanta go léir agus ní nochtfar an fhaisnéis seo d'aon tríú páirtí eile gan do thoiliú, ach amháin nuair is gá chun ceanglais reachtúla a chomhlíonadh nó tagairtí a lorg. Féadfaidh tú, tráth ar bith, iarratas a dhéanamh rochtain a fháil ar an bhfaisnéis atá coinnithe fút mar atá leagtha amach. Más mian leat aon athruithe a dhéanamh, nó scríosadh a dhéanamh ar aon chuid den fhaisnéis atá stóráilte fút laistigh den tréimhse choinneála bliana, déan teagmháil leis an mBainisteoir Acmhainní Daonna ag GAT, 46 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2, D02 WK60

## Iarratas agus Roghnú

### Sula dtéann tú ar aghaidh

Sula dtéann tú ar aghaidh leis an gcéim seo den phróiseas roghnúcháin, ba chóir duit tú féin a shásamh go gcomhlíonann tú na **critéir cáilíochtaí agus taithí ábhartha** don phost mar atá leagtha amach sa leabhrán seo.

### Conas iarratas a dhéanamh:

- Ceangail **Litir Chumhdaigh** ar leith (uasmhéid 2 leathanach) ina leagtar amach do **cháilíochtaí** agus tabhair samplaí sonracha den chaoi a gcomhlíonann tú na **critéir agus na hinniúlachtaí taithí oibre** don ról seo mar atá liostaithe sa leabhrán iarrthóra seo. Beidh an fhaisnéis a sholáthraíonn tú i d'iarratas mar chuid lárnach den phróiseas roghnúcháin.
- Tabhair CV saincheaptha ag cur béime ar shonraí faoi thaithí ghairmiúil atá ag feidhmiú ag leibhéal ceannaireachta sinsearach.
- Ba chóir doiciméid a sheoladh go díreach chuig [HFAHOL@osborne.ie](mailto:HFAHOL@osborne.ie). Ní mór gach doiciméad a chur isteach i bhformáid **Word nó PDF**. Ar chúiseanna slándála, ní ghlacfar le comhaid a sheoltar trí ríomhphost mar naisc chuig doiciméid i bhfreastalaithe néalbhunaithe comhroinnte.
- Is é an **spriocdháta** d'iarratais ná 3pm an 21 Lúnasa 2024.

Mura bhfaigheann tú admháil go bhfuarthas d'iarratas, seiceáil d'fhillteáin dramhphoist/turscair le do thoil mar is féidir fógraí ríomhphoist a scagadh anseo.

## Próiseas Roghnúcháin

### **D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh sa Phróiseas Roghnúcháin:**

Cuirfear iarrthóirí ar ghearrliosta bunaithe ar eolas atá san iarratas. Déanfaidh Osborne teagmháil le hiarrthóirí ar an ngearrliosta maidir le freastal ar agallamh. Le linn aon chleachtadh gearrliostaithe a d'fhéadfaí a fhostú, scrúdóidh an bord na hiarratais agus déanfaidh sé measúnú orthu de réir critéir réamhchinnte bunaithe ar riachtanais an phoist. Dá bhrí sin, is chun do leasa féin é cuntas mionsonraithe cruinn a thabhairt ar do cháilíochtaí agus ar do thaithí laistigh den iarratas.

Faoi réir threoir Sláinte Poiblí, is é ár rogha go ndéanfar agallaimh i suíomh duine le duine.

Déanfar iniúchadh sna hagallaimh i mBabhta a hAon ar eolas agus ar thaithí scileanna an iarrthóra bunaithe ar na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa leabhrán eolais seo.

D'fhéadfadh iarrthóirí a n-éiríonn leo i mbabhta a haon dul ar aghaidh chuig agallamh dara babhta, agus d'fhéadfadh cur i láthair a bheith san áireamh ina ndéanfar iniúchadh níos mine ar a gcuid eolais agus taithí scileanna ar réimsí sonracha de riachtanais an ról.

Tá dualgas ar gach iarratasóir iad féin a chur ar fáil ar an dáta/na dátaí atá sonraithe ag earcaíocht Osborne agus cibé socruithe is gá a dhéanamh chun a chinntiú go bhfaigheann siad cumarsáidí a sheoltar chucu ag na sonraí teagmhála a chuirtear ar fáil ina n-iarratas. Níl Osborne Recruitment ná GAT freagrach as aon chostais a thabhaíonn iarrthóirí.

### **Dátaí Agallaimh Réamh-mheasta:**

Táthar ag súil go mbeidh agallaimh don chéad babhta ar siúl ar an 9 Meán Fómhair 2024.

*Má thugtar cuireadh chun agallaimh dóibh, tá dualgas ar gach iarratasóir iad féin a chur ar fáil ar an dáta/na dátaí atá sonraithe. Mura bhfreastalaíonn tú ar an dáta/am sonraithe measfar tú a bheith tarraingthe siar ón gcomórtas.*

### **Fógra Tábhachtach**

**Léiríonn an méid thuas na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé i gceist gurb é an liosta cuimsitheach é de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta go léir a leagfar amach sa chonradh fostaíochta a chomhaontófar leis an iarrthóir/na hiarrthóirí rathúla.**

Tá GAT tiomanta do chomhionannas deiseanna fostaíochta a chur ar fáil do chách. Déanfar iarratais a athbhreithniú agus a chur ar ghearrliosta de réir fiúntais, scileanna agus taithí atá sonraithe sna doiciméid a sholáthraítear, beag beann ar inscne, aois, gnéaschlaonadh, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, reiligiún, míchumas, cine nó ballraíocht den Lucht Siúil nó ag fáil Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta.

**Funding**  
Future  
Communities



**HFA**

An Ghníomhaireacht  
Airgeadais Tithíochta  
Housing Finance Agency